

SUTH SHOIL

Luach € 2.00

Craobh na hÉireann



Ba mhaith linn comhghairdeas a ghabháil leis na páistí seo thuas a bhain dhá dhuais ag an Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta sa Mhuileann gCearr ar na malluibh leis an dráma "An Réal". Bhí an dráma seo bunaithe ar fhíorscéal faoi ghirseach a bhí ar fostú agus ar an dóigh a tháinig sí ar an réal a bhí de dhíth uirthi fã choinne a leabhar scoile a cheannacht. Sa phictiúr, ar chúl, ó chlé tá Caitlín Nic Íomhair, Laura Pasoma, Hannah Ní Chanainn, Rebecca Nic Nuadh, Micheál Ó Cathasaigh agus Pádraig Mag Fhinneachta. Chun tosaigh, ó chlé tá Helen Ní Chanainn, Micheál Pasoma, Megan Nic Aoidh, Ellie Ní Choileáin, Rhiannon Ní Labhraí agus Síle Ní Threartaigh. Bronnadh na duaiseanna i bPáirc an Chrócaigh ar an Chéadaoin, 19 Bealtaine. Maith sibh a pháistí.

Tuilleadh faoin drámaíocht ar leathanach 5 .

AN CLÁR

IRIS Céim ANIAR

| | |
|---|----|
| Buairteoirí ag an fhéile Náisiúnta ScoilDRÁMAÍOCHTA | 1 |
| Oíche Shaelach in Óstán na Trá | 3 |
| Imeachtaí Sheachtain na Saeilge | 4 |
| DRÁMAÍOCHT na bPÁISTÍ | 5 |
| Damhaigh Grá mó Chroí | 8 |
| NÁIÓNRAÍ | 9 |
| GRADAM "Sug Allan" Dáonáireamh 1911 | 10 |
| In Ómós do Urridie Uí Dhochartaigh | 12 |
| feadaímó | 13 |
| "An Bád" Le Proinsias Ó Cuilinn | 15 |
| Bronnadh Dáiseanna Shlór na nSael TURAS chuig Teach Laighean | 16 |



Imeachtaí Chéim Aniar Oíche Ghaelach in Óstán na Trá

Bhí oíche mhór againn sna Dúnaibh nuair a tháinig Aisteoirí Chorr na Móna, Aisteoirí Charn Tóchair agus Aisteoirí Mhíobhaigh le chéile, i gcuideachta le ceoltóirí na háite, in Óstán na Trá don Oíche Ghaelach ar an Aoine, 12 Márta. Oíche den scoth a bhí ann le trí dhrama ghairid, lúibíní, agallamh beirte agus ceol agus bhí lúcháir ar mhuintir na háite deis a bheith acu drámaí ón taobh amuigh a fheiceáil. Beidh muid ag súil go mór leis an chéad oíche eile.



Seachtain na Gaeilge

I measc na n-imeachtaí a bhí a réachtáil againn do Sheachtain na Gaeilge, cuireadh an dráma "Sínte" ar an ardán i nDoire ar 12 Márta. Bhí Maidin Caiфе agus Comhrá in Áras Ros Goill agus Tráth na gCeist sa Síbín Ceoil againn ar 6 Márta. Ar dheis, ó chlé, tá Proinsias Ó Cuilinn, le buaiteoirí Thráth na gCeist, Seán Ó Dochartaigh, Gary Mac Giolla Bhríde agus Máirtín Mac Aoidh, foireann an Síbín Ceoil.



Maidin Caiфе & Comhrá



DRÁMAÍOCHT NA BPÁISTÍ

Chuir Céim Aniar tús le drámaíocht na bpáistí sa bhliain 2005 agus cuireadh seó mór ar an ar-dán i gColáiste Ros Goill achan bhliain ó shin. Cuireadh cuid de na drámaí seo isteach ar chomórtais éagsúla fríd na blianta agus cé gur cháiligh cúpla ceann acu d'Fhéile Uladh roimhe seo, is é seo an chéad bhliain a raibh dráma againn san Fhéile Náisiúnta Scoil drámaíochta. Ceithre dhráma ar fad a bhí ullmhaithe ag Céim Aniar don chéad chomórtas i mbliana, Féile Scoil drámaíochta Ghaoth Dobhair, a bhí ar siúl in amharclann An Ghrianáin i Leitir Ceanainn ar an Domhnach, 14 Márta. Tháinig muid abhaile le sé dhuais ón chomórtas sin, duais rannóige don dráma "Seic an Uachtaráin" (Rang 1 & 2), duais rannóige don dráma "An Réal" (Rang 3 & 4) agus ceithre dhuais don dráma "Roth an Tíogair Cheiltigh" (Rang 5 & 6), duais na rannóige, duais cuimhneacháin Sheáin Uí Ghallchóir, duais don aisteoir is fearr, Ruaidhrí Mac Conaglaigh agus duais don dráma úrscríofa is fearr do Phroinsias Ó Cuilinn. Chomh maith le sin, cháiligh an dá dráma "An Réal" agus "Roth an Tíogair Cheiltigh" d'Fhéile Uladh a bhí a reáchtáil in Ard Mhacha ar 27 Márta. Bhí muid uilig thar a bheith lúcháireach nuair a chuaigh an dráma "An Réal" fríd go dtí an Fhéile Náisiúnta agus bhí lúcháir an domhain orainn nuair a tháinig scéal amach gur bhain na páistí seo as rang 3 agus 4 dhá dhuais náisiúnta, duais rannóige agus duais speisialta na Gaeltachta. Tá moladh mór tuilte ag na páistí uilig a chur obair mhór isteach ag na cleachtaí agus ár mbuíochas fosta do na tuismitheoirí a chuidigh linn agus a thugann tacaíocht dúinn i rith na bliana.

Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra - "An Clóicín Dearg"



Rang 1 & 2 - "Seic an Uachtaráin"



Rang 3 & 4 - "An Réal"



Rang 3 & 4 - "An Réal"



Rang 5 & 6 "Roth an Tíogair Cheiltigh"



Dumhaigh Grá mó Chroí agus Grace Boyce

Ceann de na rudaí is faide siar a bhfuil cuimhne agamsa air ná a bheith ag iarraidh an t-amhrán “Dumhaigh Grá mó Chroí” a fhoghlaim. M’uncail a bhí a theagasc domh agus is cuimhin liom nach raibh tuigbhéal ar bith agam ar na focail. Ba sin cionn is é a bheith i mBéarla. Ní raibh mé ábalta sin a chur in iúl do m’uncail mar, caithfidh sé nach raibh mé ach thart fá trí bliana d’aois, ach tá a fhios agam gurbh iad sin na chéad focail Bhéarla a bhí agam...”I’ll not forget the deep sunset....

Cé acu ar tháinig feabhas ar mó chuid Béarla ó shin nó nach dtáinig, tá rud amháin cinnte, cha dear mé dearmad ariamh don ghrian ag dul síos amuigh ar imeall na farraige agus í mar a bhíodh sí ag fágáil slán ag Dumhaigh ar feadh lae eile. Bhí aoibhneas an tsaoil orm nuair a chur Dónall Mac Dáibhéid an t-amhrán ar dhlúthdiosca. Níl deacracht ar bith agam na focail a thuiscint anois agus Dónall a scabhadh amach chomh beacht binn blasta. Agus mé ag éisteacht leis, bhreac sé ar m’intinn an t-athrú creathnach a tháinig ar achan rud. Níl páistí ar bith san Íochtar anois is dóiche a bhfuil deacracht acu focail Béarla a thuiscint. Casadh girseach as an áit orm le gairid agus chan fhaca sí riamh an ghrian ag dul faoi san fharraige amach as Dumhaigh, an radharc agus an rud is mó a mbíodh cumha ormsa ina dhiaidh agus mé ar shiúl, fiú amháin i mBaile na nGallólach.

Grace Boyce, deirfiúr de Joe Boyce a raibh siopa sna Dúnaibh aige, a scríobh an t-amhrán. Shíl mise i gcónaí gur scríobh sí é agus í cailte i measc na gcoimhthíoch i gcéin. Ní mar sin a bhí sé ar chor ar bith, rud a léiríonn chomh maith is a bhí an tsamhlaíocht ag an fhíle.

In Albain a rugadh agus a tógadh Grace Boyce. D’imigh a h-athair, Pádraig Boyce (de mhuintir Frank), go hAlbain ag tús an chéid dheireanaigh, áit ar casadh Mary Coyle as Donemana air. Phós siad agus bhí triúr clainne acu, Joe, Philip (a bhí ina shagart) agus Grace. Mar a dhéanadh mór chuid na n-imircí san am, thiocthadh siad gach samhradh ‘na bhaile go Dumhaigh ar laethanta saoire agus thit Grace i ngrá leis an áit. Is dóiche gur le linn, nó i ndiaidh ceann de na cuairteanna sin a scríobh sí an t-amhrán. Phill Joe Boyce ‘na nDúnaibh le linn na hiascaireachta móire agus bhunaigh sé fhéin agus a bhean chéile, Bridget, siopa grósaera agus monarcha bheag earraí olla.

Bhí triúr clainne acusan - Maureen, Joseph a fuair bás cúpla bliain ó shin, go ndéanfaidh Dia mhaith air, agus Philip atá anois mar Easpag ar Dheoise Ráth Bhoth. Thiocthadh Grace ‘na nDúnaibh chuig a deartháir Joe le linn an tsamhraidh sna blianta sin

Bhain Grace céim múinteoireachta amach agus chaith sí a saol ag múineadh i nGlaschú. Níor phós sí ariamh. B’fhéidir gur thit sí i ngrá leis an fhear a d’imigh as Dumhaigh agus b’fhéidir gur dó-san a scríobh sí an t-amhrán, nó b’fhéidir go díreach gur bean chríonna, chiallmhar, choimeádach a bhí inti. Fuair sí bás i nGlaschú i 1987 agus tá sí curtha thall.

D’fhág Grace oidhreacht iontach againn san amhrán seo. Dán sár-chumtha atá lán mothúchán, samhlaíochta agus grá, amhrán a théann isteach go ceartlár do chroí, is cuma cá háit a bhfuil tú. Cé acu a bhfuil tú ag éisteacht le Dónall Mac Dáibhéid nó Paidí Ó Cuilinn i gceann de thithe tábhairne na háite, nó ag éisteacht le Andí Jimmy Mhicí ar chósta thiar Mheiriceá, níl amhras ná go rachadh an dán seo i bhfeidhm go mór ort.

Chuir mise Gaeilge air agus cé go bhfuil fhios agam nach bhfuil sé ar dhóigh ar bith inchurtha leis an amhrán i mBéarla, cuirim i leith é dóibh siúd atá go fóill ag caint, ag smaoineamh agus ag brionglóid i nGaeilge, ach go háirithe don leanbh úd nár thuig é i mBéarla, thíos faoi chnoc an Bhaile Láir, i bhfad, i bhfad, i bhfad ó shin.

* * * *

Dumhaigh Grá mó Chroí

*T’an ghrian dul faoi go fóill i mó chroí, mé im’
sheasamh ar Chnoc Mór,
Fadó, fadó, le cra ‘s anró ‘s an fharraige os mó
chomhair.*

*Bhí gaetha geala gréine tiontú bun na spéire buí,
‘S mé sileadh súl, ag dul ar shiúl ó Dhumhaigh
Grá mó Chroí.*

* * *

*Ó d’fhág mé slán ag Corrach thall ‘s ag Ceann
Dhumhcha thiar,
Slán leat Ard Bán le leanta álainn, s’ croithe
flaithiúil fíor.
Slán leat Dún Dubháin mar a bhíos go buan,
chomh lúcháir leis an ghaoth,
Gabháil trasna ‘n sliabh, ag teacht aniar ó
Dhumhaigh Grá mó Chroí.*

* * *

Tá cogar na dtonn ó Chuan na Long i m' chluas
sa oíche 's lá,
Bhur n-iascairí chomh cróga groí ag seoladh
síos an bháigh.
I bhur storthaí lán 's leac urláir ghlan, is mise
go minic do bhí
Ag ligint scíth, ar theacht na hoíche, i
nDumhaigh Grá mó Chroí.

* * *

A Charraig Airt is tú ghlac páirt i m' sheoladh
ar strae,
An spéirbhean óg in Óstán Logue a mheall 's a
mheabhlaigh mé.
Gur dhúirt sí liom 's gan braon agam, "T'an
chlog ag bualadh a naoi.
T'an t-am agat bheith 'g imeacht leat go
Dumhaigh Grá mó Chroí".

* * *

A Gháinne Mór, áit géimneach gabhair 's an
bhean sí gol go géar,
Áit brionglóide baird, 's na héin go h-ard ag
eitilt suas sa spéir.
Ó! Chuir mé fios ar bhláth 's ar lus, gach cloch,
gach crann 's gach claoi,

'S mé 'mo shuí thuas ag amharc anuas ar
Dumhaigh Grá mó Chroí.

* * *

Is mé liom fhéin anseo i gcéin, 's na coimhthígh
cruaidh m' chrá,
Na dearmadaigí na laetha a shuigh muid thíos i
gcois na trá.
'S gach rud faoi shuain, 's an fhuisseog ciúin 's
sibh ar bhur nglúine ag guí,
Ó! Cuimhnigh anocht ar dheoraí bocht as
Dumhaigh Grá mó Chroí.

* * * *

Finola Hudaí



Naíonra Dhuibhlinn Riabhach

Ar chlé tá páistí ó Naíonra Dhuibhlinn Riabhach a ghlac páirt sa dráma "Scéal na Nollag". Sa phictiúr fosta tá Aoife Ní Dhochartaigh a rinne an ceol.

Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne

Seo ar dheis stiúrthóirí Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne, Cití Uí Dhomhnaill agus Mairead Mhic Conaigh, leis na páistí sa naíonra i ndiaidh bronnadh na dteastas don bhliain.

Tá dhá áit fágtha go fóill sa naíonra seo don bhliain 2010/2011. Tuilleadh eolais ó Chéim Aniar ar 91 54830.



Gradam a Bronnadh ar fhear de bhunadh Ros Goill

Níl a fhios agam bea rud éigin a bhí san uisce, nó b'fhéidir sna scadáin fadó a spreag muintir Ros Goill ceann scríbe a bhaint amach sna ceardchumainn. Seo ar dheis pictiúr de Phádraig Ó Brolcháin (Patrick Andy Bhoynie) agus gradam "Guy Allan" a bhronnadh air anuraidh. Is é seo gradam a bhronntar ar son gníomhaíochta thar barr sa cheardchumann PPTA, 'sé sin Cumann Múinteoirí dara leibhéal sa Nua-Shéalainn.

Tá Pádraig i gceannas roinn na teicneolaíochta i gColáiste Rutherford, Aukland. D'Fhag sé an tArdbán agus Scoil Dhoire a' Chasáin sa bhliain 1953 agus d'imigh lena theaghlach go Paisley in Alban. Bhí John Carr go fóill i mbristí gairid an uair sin. Is mac d'Andy Bhoynie, nach maireann, é Patrick agus nia de Joe, Barney agus Jimmy a fuair bás ar na mallaibh. Cuirimis comhghairdeas chuige óna chairde agus óna dhaoine muinteartha uilig anseo.

Má tá scéal agaibh fá dhuine de bhur muintir i gcéin, ba bhreá linn i gCéim Aniar mórtas a dhéanamh as agus píosa a scríobh fá dtaobh de i nGhuth Ghoill. Déan teagmháil linn san oifig in Áras Ros Goill ar 074 9154830.



Finola Hudáí

Daonáireamh 1911

Is íontach an áis an idirlíon fá choinne achan chineál eolais a fháil, agus tá go leor doiciméid Stáit a gcur ar fáil dúinn go furasta sa lá inniu. Cúpla mí ó shin, cuireadh an t-eolas uilig a bhí i nDaonáireamh na bliana 1911 ar an idirlíon. Thig linn anois a fheiceáil cé hiad na daoine a bhí ina gcónaí thart anseo céad bliain ó shin, agus fosta, léargas ar an chineál saol a bhí acu. Sin an t-am ina raibh iascaireacht na scadán ag dul ar aghaidh go láidir sna Dúnaibh, agus tá an tionchar a bhí ag sin le tabhairt faoi deara sa daonáireamh.

Má tá fonn oraibh an t-eolas a chuartú, níl le déanamh ach "1911 Census Ireland" a 'ghoogláil', agus ansin cliceáil ar 'census records', ansin 'browse census'. Faoi 'Co Donegal', roghnaigh 'DEDs'. Sin iad na toghroinn sa chontae, agus tá muid le fáil faoi Rosguill. Tá na bailte fearainn uilig liostaithe ansin, agus thig leat ansin cuartú leat!

Tá cóip den fhoirm a líonadh isteach do gach teaghlach le fáil, agus fosta foirm don bhaile fearainn a thaispeánann cén cineál tí a bhí ann, cineál díon (tuí a bhí sa chuid is mó) agus an méid fuinneog. Tá aois achan duine, a gCreideamh agus an teanga/teangacha labhartha curtha síos. Tá sé suimiúil go raibh litriú difriúil ar an sloinne chéanna, mar shampla mo sheanathair féin agus a bheirt deartháir – tá Mc Clafferty, Mc Lafferty agus Mc Elafferty, agus mar sin, má bhíonn tú ag cuartú faoin sloinne, bain triail as cúpla leagan mura n-éiríonn leat an chéad uair. Céad bliain ó

shin, bhí 18 teaghlach i nDumhaigh, 23 ar an Ard Bán agus 45 i nDoire a'Chasáin. Tá dhá chomhad fá choinne Na Dúnaibh, Comhad 2 ag clúdach an cheantair in aice na cé, agus cuid 1 ag síneadh síos chomh fada le Gorta Móra. Tá na sloinnté as an cheantar thart fán ché suimiúil, agus is cinnte gur bhain siad leis an iascaireacht agus gur as Albain a tháinig siad. Bhí 'Joe Mc Nutt' ansin leis féin, ach cá deachaigh na teaghlaigh eile? Ba den Chreideamh 'United Free Church of Scotland' teaghlach Ritchie agus Duthie agus daoine darbh ainm Mair, Slater agus fear óg Andrew Mc Kay a bhí trí bliana agus fiche agus teach aige dó féin. Bhí an dara teaghlach de na Duthies ina bPresbitéirigh. Tá ainm na Duthies beo go fóill ar an halla ansin ar chúl shiopa Mhic Nuadhat. An bhfuil fhios ag duine ar bith faoi na teaghlaigh eile?

Tá saibhreas eolais le baint as an daonáireamh sin, agus is fiú go mór amharc siar ar ár muintir. Bhí cúpla glún ina gcónaí i gcuid mhór de na tithe, agus go minic, daoine eile a bhí liostaithe mar 'servants', cuid acu sin óg go leor. An raibh siad sin ar fostú, nó an gaoilta iad? Is mór an trua nach dtig linn ceist a chur orthu!

Peigí Ryder

T'chífidh tú ar dheis cuid den eolas atá ar fáil ar an suíomh seo.

Daonáireamh 1911 - Na Dúnaibh 2 (Tithe thart fá ché na nDúnaibh)

| Sloinne | Ainm | Aois | Áit sa teaghlach | Creideamh | Áit Breithe | Ceird | Litearthacht | Gaeilge | Stádas Pósta |
|-------------|---------------|------|--------------------|--------------------------------|-------------------|------------------------------------|---------------|----------------|--------------|
| McNutt | Joseph | 28 | Ceann an teaghlach | Eaglais na hÉireann | Dún na nGall | Siopadóir | Léamh/Scríobh | - | Singil |
| Ritchie | Andrew D | 37 | Ceann an teaghlach | United Free Church Of Scotland | Albain | Iascaire | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Ritchie | Agnus | 36 | Bean Chéile | United Free Church Of Scotland | Albain | - | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Ritchie | Margret Ann | 13 | Iníon | " | Albain | Scoláire | Léamh/Scríobh | - | Singil |
| Ritchie | Jessie Dick | 10 | Iníon | " | Albain | Scoláire | Léamh/Scríobh | - | Singil |
| Ritchie | Alfred | 8 | Mac | " | Albain | Scoláire | Léamh/Scríobh | - | Singil |
| Ritchie | Emley | 6 | Iníon | " | Albain | Scoláire | | - | Singil |
| Ritchie | Bessie | 3 | Iníon | " | Albain | Scoláire | | - | Singil |
| Duthie | John | 59 | Ceann an teaghlach | Preispitéireach | Albain | Iascaire | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Duthie | Christina | 55 | Bean Chéile | Preispitéireach | Albain | | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Duthie | George | 25 | Mac | Preispitéireach | Albain | Siúinéir | Léamh/Scríobh | - | Singil |
| Duthie | Mary | 19 | Iníon | Preispitéireach | Albain | | Léamh/Scríobh | - | Singil |
| Duthie | Bengeman | 17 | Mac | Preispitéireach | Albain | Scoláire | Léamh/Scríobh | - | Singil |
| Crawford | William Watt | 50 | Ceann an teaghlach | Preispitéireach | Albain BomffShire | Príomhtheagascóir san iascaireacht | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Crawford | Ann | 51 | Bean Chéile | Preispitéireach | Albain BomffShire | | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Scott | James Ritchie | 67 | Ceann an teaghlach | Established Church of Scotland | Albain | Máistir Siúinéara | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Scott | Mary | 64 | Bean Chéile | " | Albain | | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Duthie | John | 31 | Ceann an teaghlach | United free Chruich Scotland | Albain | Iascaire | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Duthie | Isabella | 31 | Bean Chéile | " | Albain | | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Duthie | John | 11 | Mac | " | Albain | Scoláire | Léamh/Scríobh | - | Singil |
| Duthie | Alexander | 6 | Mac | " | Albain | Scoláire | Léamh/Scríobh | - | Singil |
| Ritchie | Alexander | 50 | Ceann an teaghlach | " | Albain | Teagascóir iascaireachta | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Prahm | Francis | 38 | Ceann an teaghlach | Preispitéireach | Albain | Déantóir seolta | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Prahm | Christian | 33 | Bean Chéile | Preispitéireach | Albain | | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Slater | George | 48 | Ceann an teaghlach | United Free Church Of Scotland | Albain | Iascaire | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Mair | John | 42 | Lóistéir | United Free Church Of Scotland | Albain | Iascaire | Léamh/Scríobh | - | Pósta |
| Shields | John | 52 | Ceann an teaghlach | Caitliceach | Dún na nGall | Grósaeir | Léamh/Scríobh | Gaeilge/Béarla | Bain-treach |
| Shields | Julia | 15 | Iníon | Caitliceach | Albain | Cúntóir | Léamh/Scríobh | Béarla | Singil |
| Mc Gettigan | James | 53 | Ceann an teaghlach | Caitliceach | Dún na nGall | Báicéir | Léamh/Scríobh | Gaeilge/Béarla | Pósta |
| McKay | Andrew | 23 | Ceann an teaghlach | United Free Church Of Scotland | Albain | Cúipéir | Léamh/Scríobh | - | Singil |
| McBride | Bridget | 45 | Ceann an teaghlach | Caitliceach | Dún na nGall | Siopadóir | Léamh/Scríobh | Gaeilge/Béarla | Singil |

In Ómós do Bhrídie Uí Dhochartaigh



“Níl luibh nó leigheas in aghaidh an bháis” a deir an seanfhocal agus is fíor é. Tagann an bás aniar aduaidh orainn uilig agus níl aon dul as. Tháinig an bás gan choinne chuig Bridie ar 14 Eanáir i mbliana. Chuaigh Bridie a chodladh agus níor mhuscail sí.

Fuair sí bás suaimhneach, síochánta agus cé go bhfuil bás tobann mar sin go deas don té atá imithe, tá sé doiligh agus crua ar na daoine atá fágtha ina dhiaidh. Níl fáilte roimh an bhás am ar bith.

“Brón ar an bhás, ní thig a shéanadh,
Leagann sé úr is sean le chéile.”

P. Mac Piarais

Rugadh Bridie i bhFánaid agus naonúr a bhí ina teaghlach féin: Artie, Bridie, Jim, Nóra, Margaret, Patrick, Mary, Katherine agus Anne. Chuaigh Bridie go Sasana ag obair agus is ansin a bhuaill sí le Micheál. Phós siad i Londain sna seascaidí ach d’fhill siad ar Bhaile na Deora roinnt blianta ina dhiaidh sin, an áit ar thóg siad teach agus clann. Seachtar clainne a bhí acu: Séamas, Marie, Micheál, Yvonne, Fíona, Séan agus Mairéad. Bádh Micheál go tubaisteach i 1989, tragóid mhillteanach a ghoill go mór ar Bhrídie i rith a saol, agus ar an chlann uilig. Ar dheis Dé go raibh a hanam.

Bean dhathúil, éirimiúil, chumasach, phléisiúrtha agus lách ab i Bridie ach thar aon ní eile, bhí sí flaithiúil. Is iomaí gar a rinne sí agus ní chluinfeá faoi. Bhí sí ansin i gcónaí chun cuidiú agus comhairle a thabhairt, ach go

háirithe in am an ghátair. Dhéanfadh sí rud ar bith do dhuine ar bith, am ar bith. Bhí go leor fuinnimh aici agus ní shílím go raibh na focail “falsa” nó “tuirseach” ina foclóir féin. Tá go leor tréithe ag baint le Bridie – oibrí den scoth; bhí sí ábalta a lámha a thiontú ag rud ar bith, ag cócaireacht, ag cniotáil, ag smúdáil, ag obair sa Síbín Ceoil, ag tabhairt aire dá clann agus dá garchlann, agus téann an liosta ar aghaidh. Bhí bua na cainte agus féith an ghrinn aici agus bhí ar a cumas craiceann a chur ar aon scéal. Rachadh sí chun cainte le sean agus óg, saibhir nó daibhir. Bhí cuimhne mhaith ag Bridie fosta agus bhí ainmneacha na ndaoine, is cuma cárbh as iad, ar a toil aici. Bhí aithne aici ar go leor daoine agus ar a shon sin bhí aithne, meas agus ómós ag go leor daoine uirthi. Ní haon iontas gur tháinig na sluaite móra ó chéin is ó chongar chuig a faire ar feadh trí lá agus oíche agus chuig a tórramh ollmhór a lean. Gan dabht ar bith, fuair sí an “send off” a bhí tuillte aici.

Chomhlíon Bridie a ról mar bhean chéile, máthair, seanmháthair, deirfiúr, gaol nó cara le bród, dínit agus ómós. Thug sí tús áite dá clann i gcónaí agus bhí an grá a bhí aici dóibh soiléir ach bhí grá agus caidreamh faoi leith aici dá garmhic agus gariníonacha. Bhain sí an-sult agus taitneamh as iad a bheith thart uirthi agus thug sé pléisiúr agus sásamh mór di bronntanais a cheannacht dóibh. Bhí an fógra a bhí crochta ar an bhalla sa chistin aici fíor – “Má deir Mamaí “NO” cuir ceist ar Nana”.

Tá a gcuimhne pearsanta, speisialta féin ag daoine do Bhrídie – súil anois go mbeidh na cuimhní sin agus an bás suaimhneach a fuair sí mar shólas do Mhicheál, a clann uilig, a gaolta agus a cairde san am deacair, dúshlánach seo.

Is áit uaigneach Baile na Deora gan í agus mar a dúirt Tomás Ó Criomhthainn fadó, “Ní bheidh do leithéid arís ann”.

Suaimhneas síoraí go raibh ag a hanam uasal.

Eibhlín Ó Crualaoi

Feadaímó Feabhra 2010

Is ait an mac an saol arsa Feadaímó leis fhéin. Bhí Síle ina suí in aice leis ar an chairt agus bhí Colm ar an taobh eile di. Cha raibh focal le cluinstitín anois ó na príosúnaigh mar thiocfadh leo toit Dhoire a fheiceáil soir uathu agus bhí a fhios acu go raibh deireadh ag teacht lena dturas cibé cad é a bhí i ndán dóibh. Bhí an táin a leanstan agus bhí Domhnall ar chapall Sheáin amuigh rompu.

Bhí Domhnall ar mire go raibh beirt phríosúnach cailte aige ach bhí air glacaint leis gur eisean a cheangal sa chairt iad. Bhí Síle ceart nuair a dúirt sí nach n-inseodh duine ar bith de na gadaithe dó gur Síle a scaoil saor iad nuair a bhí Colm ina chodladh. Mhuscail Colm nuair a chuala sé Feadaímó ag scairteadh agus chonaic sé an bheirt ar chapall Shíle ag dul siar ó dheas sa dóigh is nach mbuailfeadh siad leis an táin. Cha raibh Feadaímó sásta go raibh air bréaga a insint do Dhomhnall ach san am chéanna bhí a fhios aige go raibh sé ag déanamh an rud ceart ag tabhairt deis eile don bheirt leaid óga, deartháir Shíle agus mac Chondí Rua. Chonaic Feadaímó go raibh Domhnall ag feitheamh air agus tharraing sé na srianta nuair a tháinig sé a fhad leis. Bhí an bóthar rompu gnóthach anois mar cha raibh siad ach tuairim is leath mhíle ón chathair. “An bhfeiceann tú an cuibhreann sin thíos in aice na habhann ansin, a Fheadaímó,” arsa Domhnall. D’amharc Feadaímó síos. “An ceann leis an gheaftha dhubh?” “Sea,” arsa Domhnall, “cuirfidh muid an táin isteach ansin. Cha bhíonn an scéal i bhfad ag dul thart go bhfuil ba le ceannacht.” “Cuibhreann ar dóigh atá ann,” arsa Feadaímó, “beidh uisce agus neart le hithe ansin acu.” D’amharc sé thar a ghualainn. “Cad é fá na príosúnaigh, a Dhomhnall?” “Níl mé róchinnte fá cad é’n dóigh is fearr le seo a láimhseáil,” arsa Domhnall. D’amharc sé anonn agus chonaic sé go raibh Colm ina chodladh arís. “Hó, a Choilm,” a scairt sé. Léim Colm. “Tá brón orm a Dhomhnall,” a dúirt sé. “Níl mé ábalta fanacht múscaillte ar chor ar bith i ndiaidh an tsúisteáil a fuair mé ó na boic sin.”

“Tuigim sin, a Choilm, tá an t-ádh ort go bhfuil tú linn ar chor ar bith; ach, an dtiocfadh leatsa greim a choinneáil ar na srianta tamall? Tá mé ag iarraidh labhairt le Feadaímó.” “Déanfaidh cinnte,” arsa Colm, agus é ag fáil greim orthu. Léim Feadaímó anuas agus shíúil sé píosa den bhealach le Domhnall. “Má thagann na húdaráis orainn anois,” arsa Domhnall nuair a bhí siad leo fhéin, “tógfaidh siad na príosúnaigh uainn. Tá deichniúr acu ann agus b’fhiú airgead iad domhsa agus daoibhse. Fosta, má chuireann muid i gcabhlach Shasana iad, tá me cinnte go mbeidh deireadh leis an ghadáiocht bó, sa taobh seo tíre, ar feadh blianta fada. Caithfidh mise scéal a fháil chuig mo dhuine go bhfuil siad agam. David atá air, David Smith. Beidh a fhios aigesean cad é le déanamh. Tá teach ag cara do mo chuid thall sa choill ansin. Sin an áit a chuirfeas mé na gadaithe. Tá mé ag iarraidh ortsa dul isteach chun na cathrach agus labhairt leis an fhear seo.” Thug sé píosa páipéir dó. “Sin a sheoladh agus níl le déanamh agat ach rá leis go bhfuil deichniúr d’fhir bhreátha, a bhfuil fonn mór orthu dul isteach i gcabhlach Shasana, ag feitheamh air i dteach Chonáil Bháin. Anois, tabhair an ghirseach sin leat agus fág í áit inteacht i nDoire sula dtéann tú chuig an seoladh sin. Tar thusa ar ais anseo le

mo dhuine. C’ainm atá ar an ghirseach sin cibé?” “Síle,” arsa Feadaímó. “Bhail, fág Síle i nDoire mar níl me ag iarraidh go bhfeicfeadh sí teach Chonáil ach oiread.” “Níl contúirt ar bith i Síle, a Dhomhnall, cha ndéanfadh sí...” “Stad,” arsa Domhnall ag briseadh isteach air.

“Níl aithne de shórt ar bith agatsa ar an ghirseach seo agus níl tú chun insint domh cad é a dhéanfadh sí nó cad é nach ndéanfadh sí.” Thiontaigh sé agus d’amharc sé uirthi ina suí ar an chairt. “Chan amadán ar bith mé, a Fheadaímó, agus ghlac mé le do bhréag go bhfuair an dá ghadaí saor iad fhéin siocair an troid a rinne tú ar mo shon. Gan tusa cha bheadh gadaí ar bith gafa againn. Ach, nuair a chuala mé go bhfuair an bheirt is óige ar shiúl ar chapall a bhí leis an ghirseach sin bhí a fhios agam go raibh lámh aici ann. Fear cumasach cosúil leatsa, a Fheadaímó? Níl dóigh ar bith go gcaillfeá príosúnaigh ar bith ach amháin go raibh tú sásta sin a dhéanamh.” Mhóthaigh Feadaímó go raibh a aghaidh ag deargadh. Chan aingeal ar bith a bhí ann ach cha raibh sé sásta go raibh fear ina sheasamh os a chomhair ag cur bréaga lena ainm. “Éist liom, a Dhomhnall,” a dúirt sé, ach arís, bhris Domhnall isteach air. “Déan dearmad dó, a dhiúlaigh, níl neart air anois. Leis an fhírinne a insint cha raibh mé róshásta na boic óga a chur isteach sa chabhlach cibé. Cuir scairt ar Shíle anois is bí ar shiúl. Chuir sé a lámh ar ghualainn Fheadaímó. “Comhairle bheag amháin duit,” a Fheadaímó. “Nuair atá sibh istigh i nDoire agus áit shábháilte aici, fág í ansin. Déan dearmad dí. Níl a fhios agam cad é’n scéal a d’fhigh sí duit ach geallaim gur bréag a bhí ann. Tá sí muinteartha don dream sin agus níl a dhath ina cloigeann ach dóigh a fháil le iad a scaoileadh saor.” “Tá an scéal mícheart agat fá Shíle,” arsa Feadaímó, ach cha raibh Domhnall ag éisteach. “A Shíle,” scairt Domhnall, “tar anall anseo anois.”

Léim Síle anuas ón chairt agus shíúil sí go bródúil anonn chuig an bheirt. Bhí Feadaímó a coimhead agus shíl sé fhéin nach bhfaca sé bean chomh spéiriúil, dóighiúil léi ariamh. Cha raibh uirthi ach seanghúna agus bhí sí costarnocht ach bhí aoihb ar a haghaidh agus loinnear ina súile a chur croí Fheadaímó ag preabadaigh. “Bí cúramach nach dtitfidh na súile amach as do chloigeann, a Fheadaímó,” arsa Domhnall i gcogarnach leis sula dtáinig sí a fhad leo. “Tá tú mo iarraidh,” arsa Síle le Domhnall. “Tá, tá Feadaímó ag dul isteach go Doire, a ghirsigh, agus bheadh lúcháir air dá rachfá leis.”

“Nach cinnte go rachaidh mé leis,” arsa Síle, “tá obair a dhíobháil ormsa agus chan amuigh anseo a gheobhas mé í.” Thug Domhnall dhá scilling d’Fheadaímó.

“Tabhair seo leat ar eagla go mbeadh sé de dhíth ort. Anois, faighigí rud inteacht le hithe sula n-imíonn sibh.” Bhí teas na gréine laghdaithe go mór nuair a d’fhág sé fhéin agus Síle an táin um tráthnóna. “Tá mise den bharúil go bhfuil Domhnall ag iarraidh fáil réitithe domhsa, a Fheadaímó,” arsa Síle. Lig Feadaímó gáire as. “Bhail, cha dtig leat é a lochtadh ar sin, a Shíle. Chaill sé beirt de na gadaithe ar an chapall a bhí leatsa.” “Agus an síleann tú go bhfuil a fhios aige go raibh mo lámhsa páirteach san éileamh?” “A Shíle,” arsa Feadaímó, “tá a fhios aige go maith. Chan amadán ar bith é Domhnall. Tá a fhios aige fosta gur lig mise dóibh imeacht. Tá an t-ádh orm is dóiche go bhfuil mé go fóill ag obair dó.” Shiúil siad leo isteach na cathrach

agus iontas go bráth ar Fheadaímó agus é ag amharc thart ar na tithe uilig agus ar na siopaí a bhí chomh flúirseach le murlais tráthnóna Fómhair. Cha raibh barúil de shórt ar bith ag Feadaímó fá ca háit a raibh sé ag dul agus cha dtiocfadh leis ceist a chur faoin seoladh a bhí ina phóca a fhad is a bhí Síle leis. Ach mar is faide isteach a chuaigh siad b'amhlaidh gur mhó an eagla a tháinig air fá í a fhágáil léi fhéin i measc na sluaite sa chathair. Bhí daoine ag dul achan bhealach agus gan aird dá laghad acu ar an bheirt tuathánach a bhí ina measc. Ag amharc thart d'Fheadaímó chonaic sé go raibh léar dá mhacasamhail fhéin san áit agus leoga chan Síle an t-aon bhean a bhí ag siúl thart cos-tarnocht.



D'aithin Síle go raibh rud inteacht ag cur isteach ar Fheadaímó. “Ba mhaith liomsa suí áit inteacht fá choinne tamaill, a Fheadaímó, a dúirt sí. Is dóiche go bhfuil gnó le déanamh agatsa cibé.” Cha raibh a fhios ag Feadaímó cad é le rá. Bhí sí ag tabhairt deise dó imeacht agus nár chruthaigh sin go raibh sí i ndáiríre? Ach, cá háit a mbeadh sí sábháilte léi fhéin. “Caithfidh mise dul ar ais chuig an táin, a Shíle, agus níl a fhios agam cá huair go díreach a bheas mé ar ais anseo.” “Ná bí inníoch fá dtaobh domhsa, a Fheadaímó,” arsa Síle, “chan seo an chéad uair domh a bheith amuigh liom fhéin.” “Cha dtig liom tú a fhágáil ina sheasamh anseo ar an tsráid,” arsa Feadaímó. “Beidh orm loistín a fháil duit.” “Cosnaíonn loistín airgead,” arsa Síle. Thóg Feadaímó an t-airgead amach as a phóca. “Thug Domhnall dhá scilling domh” agus thug sé é di. “Goitse, socróidh muid áit duit agus imeoidh mé.” Fuair sí leaba i dteach tábhairne ar thrí phingin don oíche agus cé gur theach garbh go leor a bhí ann, bhí an bheirt acu sásta leis. D'imigh Feadaímó ar lorg an tseolta a bhí aige. Cha raibh David sa bhaile nuair a tháinig sé a fhad leis an teach agus b'éigean dó fanacht air. Chuir searbhónta é ina shuí sa chistin agus thug sé babhla sú dó. Bhí beirt eile ag obair sa chistin, bean mhór throm ag déanamh na cócaireachta agus cailín óg ag glanadh na bpotáí. Cha raibh Gaeilge ar bith acu agus siocair nach raibh mórán Béarla ag Feadaímó rinne siad neamhaird dó. D'éist David leis an scéal a thug Feadaímó dó nuair a phill sé na bhaile. “Deichniúr acu a deir tú?” Dhearbhaigh Feadaímó sin lena cheann. “Agus níl duine ar bith acu gortaithe go holc?” “Níl”, arsa Feadaímó, “tá siad uilig cineál nimhneach ach níl a dhath orthu nach dtiocfaidh biseach air. Tá Domhnall inníoch fá cad é'n dóigh le hiad a fháil a fhad leis an chabhlach gan na húdarais a bheith ag cur isteach air.” “Fág sin fúmsa,” arsa David agus é ag cur air a chóta. “An raibh tú ariamh ar dhroim beithígh?” “Bhí,” arsa Feadaímó, bhí capaill fá bhaile s'againne i gcónaí.” “Maith go leor imeoidh muid.” Chuir sé scairt ar a shearbhónta agus d'inis dó na capaill a dhéanamh réidh

don bhóthar. “Cuidigh thusa leis, a Fheadaímó,” arsa David, agus fan anseo domhsa. D'imigh sé agus bhí Feadaímó fágtha sa stábla ar feadh uair go leith eile sular tháinig sé ar ais le féan mór a raibh an comhartha, ‘Navy Supplies’ scríofa. Bhí beirt fhear mhóra gharbh-lacha a thiomaint. “Ar aghaidh linn” arsa David, “tá obair le déanamh.” Bhí an ghrian ag dul faoi nuair a tháinig siad a fhad le teach Chonail Bháin.


Bhí lúcháir ar Dhomhnall nuair a chonaic sé iad ag teacht agus lig sé scread fháilteach as. “Bhail, a David, deas thú a fheiceáil. Bhí beag uchtach ag teacht orm go mbeadh sibh anseo anocht.” “Arú, a Dhomhnaill, arsa David, cha ligfinnse do dheis mar seo dul tharam. Deichniúr acu! Cuireann sin iontas go bráth orm. Caithfidh go raibh na saighdiúirí ag cuidiú leat.” “Sin an saighdiúir ag do thaobh ansin, arsa Domhnall.” D'amharc David ar Fheadaímó. “Is fathach d'fhear atá ann ceart go leor”, a dúirt sé, “agus thig leat teacht ag obair domhsa am ar bith, a Fheadaímó. Anois, is fearr duit na boic sin a chaitheamh isteach ar chúl an fhéin seo lom díreach. Níl mé ag iarraidh iad a thabhairt isteach rómhall mar bíonn saighdiúirí ar na bóithre san oíche.” Char ghlac sé i bhfad rudaí a ullmhú agus d'imigh siad i dtreo na cathrach.

Tar éis tamaill dúirt David le Domhnall nach raibh mórán de thuras fágtha acu. Bhí sráid fhada dhíreach amach rompu agus dhírigh se a lámh ar bhád a bhí ceangailte leis an ché thíos fúthu. “Sin HMS Agincourt ansin. Beidh lúcháir ar an chaptaen na boic seo a fháil. Tá sé dul amach chuig na hIndiacha Thiar agus bíonn leisce bocht ar mhairnéalaigh dul an bealach sin siocair an galar buí.” Bhí Feadaímó ag smaoineamh ar an phá a bhí i ndán dó nuair a chuala sé scairt ó Dhomhnall.

Ó, a Dhia ár sábháil, amharc ar seo. Bhí scud saighdiúirí ag teacht amach as teach mór agus dhírigh siad a ngunnaí ar an fhéan. Tháinig tuilleadh saighdiúirí ar chapail isteach ó chúl-sráid eile agus shuigh siad ag amharc orthu. Thiontaigh Feadaímó agus chonaic sé saighdiúirí ar a gcúl fosta. Bhí sé soiléir go raibh siad ag feitheamh orthu mar bhí luíochán ar dóigh leagtha acu rompu. Chuala sé scread eile ó Dhomhnall. “Bhail, damnú uirthi.” Thit croí Feadaímó go talamh. Le taobh cheannaire na saighdiúirí sheas cailín costarnocht. Síle a bhí ann agus bhí a méar dírithe air fhéin.

Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.

An Bád



Bhí mé ag dul do na rámhaí is curach breá fúm,
maoltaoide sa chuan is an t-uisce gan sruth.
Ba fánach a bhí mé, ba chuma mo threo mé go sultmhar ag caitheamh tráthnóna.
Chan rómhinic a bhíonn an Mhaoil Ruaidhe chomh ciúin
is fíor-annamh a huisce gan bogadh,
Bhí rón mór amach uaim a aird uilig orm is é ag leanstan mo thuras go cróga.

* * *

I lár Lag na hUillinne thóg mé na rámhaí shuí mé go suaimhneach, ag amharc thart.
Bhí an toit ó na simléir go díreach ag ardú ‘gus na fuaimeanna ag seoladh i bhfad.
Le cois búireach na mbó ‘s méileach na gcaorach,
chuala mé madaí ag freagairt a chéile,
is daoine ag comhrá le cairde ‘s le comharsana
achan fhocal le cluinstitín go soiléir

* * *

Las mé mo phíopa agus shuigh me ansin breá sásta liom féin is an aimsir,
ach stad mé go tobann is dhírigh mo shiúil ar bhád a bhí ina luí thuas ón uisce.
Bhí rud éigin fá dtaobh di a spreag cuimhní domhain ionam
rud éigin a chur cosc le m’anáil;
threoraigh mé an curach isteach chun na trá sa dóigh is go bhfeicfinn a hainm.

* * *

“Pride of Mulroy” cha raibh amhras ar bith,
ach chan bródúil a shuigh sí ar talamh.

Bád a raibh clú uirthi ón Bhun Bheag soir go Fánaid
lena droimlorga sáite sa ghainimh.
Bhí sí caite ar leataobh is a hainm a magadh
mar cha raibh aird ag an Mhaoil Ruaidhe anois uirthi,
Cé nach raibh an chréafóg ina luí trom ar a brollach
bhí sí in uaigh nach n-éireodh sí aisti.

* * *

Cosúil le héan nach bhfuil thuas ard san aer nó le hiasc nach bhfuil thíos domhain san uisce,
amuigh as a timpeallacht nádúrtha, ceart, bhí sí uaigneach, tréigthe ‘gus briste.
Tá tromlach na n-iascairí a d’oibrigh an bád seo
anois ar shlua fada na marbh.
Chan fheicfidh an chuid eile a staid íseal anois
í i bhfolach sa rathneach ‘s sa ghaineamh.

* * *

Thosaigh an t-ionradh is d’ardaigh an ghaoth
thum mé na rámhaí gan smaoinemh;
D’fhág mé slán lena creatlach agus mé ag iomramh ó thuaidh
gruaim orm anois in áit sásamh.
Chan fheiceann sí bradán nó scadán arís
chan fheiceann sí gliomach nó portán;
cha leanann na faoileáin a turais níos mó is í go bródúil ag treabhadh na dtionnta.

* * *

Proinsias Ó Cuilinn

Bronnadh Duaiseanna Ghlor na nGael

Glacadh an grianghraf thuas ag Bronnadh Duaiseanna Ghlor na nGael i Halla na Cathrach, Béal Feirste ar 20 Márta. Bronnadh dhá dhuais speisialta ar Chéim Aniar i mbliana, Duais Chomhlúadar (€1,500) mar aitheantas ar obair chur chun cinn an aistrithe teanga ó ghlúin go glúin sa teaghlach agus Duais Chomhairle Contae Dhún na nGall (€1,500), bronnta ar choiste a dhéanann an t-éacht is mó le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a spreagadh agus a úsáid i gContae Dhún na nGall. Sa phictiúr, ó chlé, tá Íde Ní Uallacháin (Glór na nGael), Feargal Ó Cuilinn (Comhlúadar), Caoimhín Mac a'Bháird (Céim Aniar) agus an tAire Éamon Ó Cuív.



Seo thuas muintir an Ionad Lae i gCarraig Airt le Teachtaí Dála, Niall Bléine, Dinny Mac Fhionnlaoich agus Joe Mac Aodha taobh amuigh de Theach Laighean i mBaile Átha Cliath i ndiaidh turais ar Thithe an Oireachtais ar na mallaibh.

Déan teagmháil linn: Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill,
Na Dúnaibh, Tír Chonaill. Fón: 074 9154830
Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net



AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.

Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155

eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com



**An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe
agus Gaeltachta**
Department of Community, Rural
and Gaeltacht Affairs



Foras na Gaeilge



Údarás na Gaeltachta